

## **Ábhar**

## **An Ealaín Bhéil**

### **Mír Físe**

**Agallamh Beirte ‘Lofa Líofa’ le Ray Mac Mánais agus Joe Ó Dónaill**

### **Téacs Léitheoireachta**

**Sliocht as an alt “Cén Fáth Nach?” – Ó Chanúint go Criól’ le Caoilfhionn Nic Pháidín in *Idir Lúibíní, Aistí ar an Léitheoireacht agus ar an Litearthacht* in eagar ag Róisín Ní Mhianáin. Cois Life: Baile Átha Cliath 2003**

**Le caoinhead ó Chois Life**

**Sliocht as colún le Liam Ó Muirthile – *The Irish Times* (Déardaoin 21 Nollaig, 2000)**

**Le caoinhead ó *The Irish Times* agus ón údar**

**Téacs an agallaimh bheirte ‘Lofa Líofa’ le Ray Mac Mánais agus Joe Ó Dónaill**

**Le caoinhead ó na húdair**

Ní cúrsa teanga ná plean ceachta atá i gceist leis an ábhar samplach seo agus níl sé i gceist go ndéanfaí gach tasc in aon seisiún teagaisc amháin. Is sampla atá ann de na cineálacha tascanna a d’fhéadfaí a bhunú ar an téacs d’fhonn na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar in oiriúint dá gcuid mac léinn féin.



# Agallamh Beirte: ‘Lofa Líofa’

## Réamhobair

Beidh tú ag féachaint ar ball ar agallamh beirte dar teideal ‘Lofa Líofa’ a chum Ray Mac Mánaís agus Joe Ó Dónaill. Ar dtús déan an réamhobair seo a leanas:

- Cén rud é agallamh beirte? Pléigh agus scríobh sainmhíniú.
- Cá mbíonn an t-agallamh beirte le feiceáil?
- Cad é an difear idir agallamh beirte, lúibín agus dráma?
- ‘Lofa Líofa’ an teideal atá ar an agallamh beirte. An féidir leat buille faoi thuairim a thabhairt faoin ábhar, bunaithe ar an teideal?
- Pléigh na téarmaí seo a leanas le do ghrúpa.

líofa lofa  
Gaelscoilis  
réim teanga  
criól  
athnuachan teanga  
sealbhú teanga  
sealbhú easnamhach

## Éisteacht

- An chéad uair a fhéachfaidh tú ar an agallamh beirte féach air gan an script agus déan na tascanna seo:
  - o Cad é ábhar an agallaimh bheirte seo? Pléigh le do ghrúpa.
  - o An raibh aon deacrachtaí tuisceana agat? Má bhí, cad iad?
  - o Conas a rachfá i ngleic leis na deacrachtaí tuisceana sin?
- Anois bain úsáid as an script agus tú ag féachaint ar an agallamh beirte den dara huair. Cad iad na tuiscintí breise atá agat air, le cabhair na scrípte?
- Aimsigh cúpla sampla san agallamh beirte den choimhlint idir Gaeilge na Gaeltachta agus Gaeilge an fhoghlaimeora.

## Feasacht Teanga

Seo liosta de na frásaí san agallamh beirte a bhfuil tionchar an Bhéarla orthu. An mbeifeá ábalta Gaeilge chruinn nádúrtha a chur ar mhórán díobh?

Is tú an freagra ar mo ghuí  
Tá mé ar scamall uimhir a naoi

Tá lucht na Gaeilge ag éirí tanaí ar an talamh  
Tá tusa ag tafann suas an crann mícheart  
Ní maith leat a bheith ag bualadh thart faoin sceach  
Tá tú ag déanamh mo chloigeann bocht isteach  
Tá mé ar an liathróid  
Níl aon ghrá cailte eadrainn  
Tá an liathróid i do chúirt  
Tá mo chroí bocht i mo bhróga  
Tá tusa ar do chapall ard  
Faigh greim ort féin  
Múscail suas is bolaigh an caife  
Tóg an tarbh leis na hadharca  
Ba mhaith liom an ceirnín a shocrú díreach  
Tá an Ghaeilge ag tabhairt suas an taibhse  
Marcáil tusa mo chuid focal  
Tá sé suas duit féin  
Gabh ar ais go dtí cearnóg uimhir a haon  
Déan mo lá  
Tá mé ag titim duit, a chroí  
Beidh muid lán pónairí  
Beidh mé gléasta suas go dtí na naonna  
Ná faigh cosa fuara  
Bí tú féin  
Beidh na mná ag ithe as do láimh  
Beidh an chraic nócha

## Iarobair

- Léigh an sliocht thíos as an alt “Cén Fáth Nach?” – Ó Chanúint go Criól’ le Caoilfhionn Nic Pháidín agus pléigh na téarmaí agus na frásaí i gcló dubh leis an duine in aice leat.

Tá **coimhthiú** nua ó thaobh teanga de ag teacht chun cinn anois san earnáil ba mhó a chleachtaíodh an **litearthacht** tráth, lucht sealbhaithe na Gaeilge mar dhara teanga. Athrú suaithinseach sa chomhthéacs sochtheangeolaíochta is ea an **claochlú** ar an **urlabhra** choitianta phoiblí. Tá laghdú stádais lenár linn féin ag **réimeanna** eiseamláireacha na gcanúintí Gaeltachta, a leagtaí amach go soiléir tráth mar sprioc foghlama. Le teacht TG4 agus Raidió na Life, tá **bailíocht** phoiblí deonaithe ag na meáin chumarsáide don iliomad criól nua, ar a n-áirítear Gaelscoilis, go háirithe le **tuin** Deairtise. Níl de chúram ar na meáin féin ina leith seo gan amhras ach an **urlabhra** a ráiníonn dóibh a chraoladh.

Tá an deighilt seo ag leathnú in aghaidh an lae idir an teanga labhartha agus an teanga scríofa. Tá crapadh agus **cúngú** ar **fhocalstór gníomhach** an aosa óig, agus tá **comhréir na gcriól** nua **ar míréir** ó bhonn leis an teanga stairiúil is ábhar don chaighdeán scríofa.

D’fhéadfaí saothar iomlán a thiomnú don ábhar seo, ach is leor blaiseadh beag den chaint seo a léiriú. Tosaímis le teideal an ailt seo:

-Cén fáth nach?  
-Mar!  
-A deireann cén duine?  
-Mise, má chaitheann tú know!

...

Tá teanga ann chun cumarsáide agus, agus má labhraítear agus má thuigtear í, tá go maith. Ach tá impleachtaí móra ag eascairt as sin don litearthacht, don litríocht agus don fhoilsitheoireacht. Conas is féidir le scríbhneoirí agus le foilsitheoirí freagairt dó sin i gcomhthéacs cruthaitheach liteartha? Ní mór aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin má tá an Ghaeilge le léamh is le scríobh lasmuigh de na **forais léinn** amach anseo. Tá an Ghaeilge scríofa chaighdeánach chomh haduain céanna ag lucht labhartha na Gaelscoile is a bhí prós an Chéitinnigh ag lucht na hAthbheochana. Má táthar chun pobal léitheoireachta a thógáil beidh **réimeanna nua teanga liteartha** le saothrú, gan amhras ar bith.

Tá sé róluath fós a thuar cén seasamh a bheidh sna **fochanúintí** nua seo, ná cén fad saoil a bheidh ag teanga a bhfuil a **cumas athnuachana** ag brath go hiomlán ar mhúnlaí seachtracha. Ní fios fós cá mairfidh na friotail nua seo nuair a bheidh siad **athchúrsáilte** arís eile gan cothú aon phobail bhuanaithe acu. Tá acmhainn athnuachana na Gaeilge féin faoi bhagairt, má leanann an tanú agus an cúngú seo gan staonadh. Ní hiad na focail aonair Bhéarla is suaithinsí faoin tráth seo ach **díothú na comhréire is inneach don teanga féin** – abairtí mar: ‘Cad a bhfuil sé mar?’, ‘Tá chomh méid acu ann’ agus ‘Sin cad i gcónaí a dhéanann tusa’. Gnáthcheisteanna teanga iad seo nach mbaineann leis an nGaeilge amháin, ar ndóigh. Bíonn na Francaigh inmíoch mar gheall ar *prêt à parler* mar a thugann siad air, go háirithe nuair a dhéanann na hiasachtaí comhréir na teanga féin a **threascairt**.

‘Cén Fáth Nach?’ – Ó Chanúint go Criól’ le Caoilfhionn Nic Pháidín. In *Idir Lúibíní, Aistí ar an Léitheoireacht agus ar an Litearthacht* in eagar ag Róisín Ní Mhianáin. Cois Life 2003. Le caoinchead ó Chois Life.

- Anois léigh an sliocht thíos as colún a bhíodh ag an scríbhneoir Liam Ó Muirthile in *The Irish Times* agus déan na tascanna.

‘Thosaigh sé shouting at me’, arsa an garsún is óige.

‘Agus cad a thug air bheith ag liúirigh ort?’

‘Cad?’ a liúigh sé ón seomra.

‘Cén fáth ar liúigh sé ort?’ a d’fhiafraíos.

Tháinig an bheirt acu amach as an seomra, allas ag sileadh leo, na pluca beirithe. Leanadar orthu ag sáthadh, ag brú, ag tabhairt soncanna dá chéile, agus ag tarraingt ciceanna ar a chéile.

‘Caithfidh sibh éirí as, a deirim. Cad atá ar siúl agaibh?’

‘Tá muid ag déanamh sumo wrestling’.

‘Agus an mbíonn sibh shouting lena chéile i sumo?’

‘Bíonn muid’.

‘Cén difear atá idir gnáthiomrascáil agus sumo?’

‘Bíonn siad ag rolling timpeall agus i sumo caitheann tú brú an duine amach as an sacred ring’.

‘Á, tuigim. Cró Magnon. Is maith libh an sumo’.

‘Is maith. Tá sé lán difriúil le cad a cheapann daoine atá sé mar’.

‘An mar sin é?’

‘Mar’.

‘Bhrú sé mé amach’, arsa an garsún is óige agus taghd ag teacht arís air, ‘ach bhrú mé é amach’.

‘Níor’, arsa an garsún is sine.

‘Bhrúúúú... agus dúirt tú níor bhrú ach bhrú’.

‘Álraidht, éirigh as agus bíodh deoch agaibh. Is gearr go bpléascfaidh duine agaibh. Suígi ag an mbord’.

‘Needan mé deoch badly’, arsa an garsún is óige.

‘Agus mé’, arsa a dheartháir, ‘needan mé é an-, -an, -an’....

Liam Ó Muirthile – *The Irish Times* (Déardaoin 21 Nollaig, 2000). Le caointhead ó *The Irish Times* agus ón údar.

- o Conas mar a léiríonn Liam Ó Muirthile an chodarsnacht idir an Ghaeilge le comhréir an Bhéarla agus an chomhréir dhúchasach?
- o Aimsigh samplaí den ‘treascairt’ ar chomhréir na teanga a luaigh Caoilfhionn Nic Pháidín sa chéad sliocht.

## Lofa Líofa: Téipscript

- 1 'Sé mo chreach is mo mhíle crá  
Staid na teanga mar atá.  
Tá an Ghaeilge bhocht faoi ionsaí lá agus oích'.  
Ach ní ghéillfidh muid, dar ndó'  
Is ní chaillfidh muid go deo  
Gaeilge ghlan na Gaeltachta a choích'.
- 2 Bíonn daoine ag díriú isteach ar chruinneas  
Nuair is cuma leo faoin bhinneas  
Agus níl meas acu ar shaibhreas ná ar snas.  
Tá fuath agamsa ar Ghaeilge chliste  
A bhíonn lán le Béarla briste.  
Cén mhaith atá sa Ghaeilge gan an blas?
- 3 Tá sé agamsa le maíomh  
Nár labhair mise Béarla riamh.  
Sa teanga ghallda sin tá mise balbh.  
Is tú an freagra ar mo ghuí  
Tá mé ar scamall uimhir a naoi  
Mar tá lucht na Gaeilge ag éirí tanaí ar an talamh.
- 4 Ní bhíonn mise i mo luí go headra  
Bím ag obair ar nós madra  
Ag foghlaim focal úr le brí is neart.  
Nó tá an Ghaeilge anois faoi bhagairt  
Is má chreideann tú a mhalairt  
Tá tusa ag tafann suas an crann mícheart.
- 5 In ainm Mhuire agus Mhac Dé  
Caidé a bhain don Ghaeilge ghlé  
A bhí ag muintir bhocht na tíre seo fadó?  
Cuirimse an locht ar TG4  
Is ar na daoine a chuireann é i láthair  
Is ar lucht na gaelscolaíochta, dar ndóigh.
- 6 Bhuel caithfidh mise seo a admháil  
Go bhfuil sé furasta a fheiceáil  
Nach maith leatsa a bheith ag bualadh thart faoin sreach.  
Tá do chuid cainte tar éis mé a chrá  
Ach ní miste dom a rá  
Go bhfuil tusa ag déanamh mo chloigeann bocht isteach.
- 7 Déanaim do chloigeann bocht isteach?  
Ó mo mhairg is mo chreach!  
Sin Béarlachas, is briseann sé mo chroí.  
Ní féidir a leithéid sin a rá

Beidh tú ag déanamh daoine a chrá.  
Ba chóir dom inse don Choimisinéir Teanga faoi.

- 8 Dúirt tú ‘inse’ – ó mo Dhia!  
Ba chóir duit ‘insint’ a rá, dar fia –  
Ach múinfidh mise an t-ainm briathartha duit gan trioblóid.  
Tá cúig chéad briathar agam gan ghó  
I ngach aon aimsir agus modh.  
I gcúrsaí gramadaí tá mise ar an liathróid.
- 9 Bhuel a sciotracháin gan rath  
Níl a fhios agatsa a dhath  
Lucht an Bhéarla amháin a déarfadh ‘ar an liathróid’.  
I nGaeilge shnasta bhlasta bhinn  
Ní chluinfeá riamh a leithéid sin.  
Níl tusa ach ag spalpadh cuid mhór seafóid.
- 10 Níl mé ag iarraidh a bheith ag troid  
Ach tagann an ginideach i ndiaidh ‘cuid’.  
‘Cuid mhór *seafóide*’ a bheadh sa Ghaeilge bhlasta bhinn.  
Níl aon ghrá cailte eadrainn beirt  
Ach tá an liathróid i do chúirt.  
B’fhearr liom go labhrófá Gaeilge shnasta chruinn.
- 11 Arbh fhearr anois, a húir?  
Bhuel, nach tusa atá dúr?  
Tá mé cráite ag do chránas is do dhonas.  
Le do Ghaeilge lofa bhriste  
Síleann tú go bhfuil tú cliste  
Is mar a déarfása: tá tú ‘in aice leat féin le sonas’!
- 12 Ní déarfainn riamh a leithéid, leoga  
Tá mo chroí bocht i mo bhróga.  
Is tá tusa ar do chapall ard, monuar.  
Faigh greim ort féin – is deas an lá é  
Múscaíl suas is bolaigh an caife.  
Tóg an tarbh leis na hadharca is ná bí dúr.
- 13 Tá tú sotalach agus dána  
Agus gangaideach agus gránna.  
Níl oiread Gaeilge agat is a bheadh ag bó.  
I ngaelscoil a d’fhoghlaim tú í is dócha.  
Ní hionadh liom do chroí i do bhróga  
Beidh tú gan snas ná blas ná séimhiú deas go deo.
- 14 An cóir domsa a bheith buíoch  
Go bhfuil do chuid cainte an-samhlaíoch?  
Siúr ní Gaeilge atá ann, ní miste a rá.  
Ach ní ort féin amháin an locht  
Tá gaelscoileanna ag marú an Ghaeilge bhocht



- Is faigheann na múinteoirí atá iontu barraíocht pá.
- 15 Bionn muid ag marú ‘na Gaeilge boichte’!  
Ba chóir duitse a bheith níos doichte.  
Ach ba mhaith liomsa anois an ceirnín a shocrú díreach.  
Múinteoir gaelscoile mé féin  
Is de do chuid cainte tá mé bréan.  
Ar son na Gaeilge tá mise i mo mhairtíreach.
- 16 Mairtíreach eile tusa an ea?  
Bhuel, b’fhéidir gurb ea  
Ach níl tú ag fulaingt, mar atá mise, ar son na cúise.  
Ní fhulaingíonn tú le páis  
Sean-Ghaeilge shaibhir ag saothrú an bháis –  
– ‘Báis’: sin an ginideach, céad díochlaonadh, uimhir uatha.
- 17 Féach, níl tú i bhfad ag dul  
Is tá an ginideach ar do thoil.  
Ní thuigimse ar chor ar bith do fhadhbasa.  
Múinteoir maith a bhí de dhíth  
Is anois tá cuma ort is caoi.  
Ní baol don Ghaeilge a bheith ag tabhairt suas an taibhse.
- 18 Marcáil tusa mo chuid focal  
– Is tá seo ag teacht ó bhéal an chapaill –  
Tá sé suas duit féin do Ghaeilge a dhéanamh cruinn.  
Leabhar gramadaí maith atá de dhíth go géar  
Le gach riail mínithe go soiléir.  
Is gabh ar ais go dtí cearnóg uimhir a haon le leabhar mar sin.
- 19 An bhfuil tú tiubh chomh maith le dúr?  
Nó an é nach dtuigeann tú, a húir,  
Nach bhfuil inní dá laghad ormsa faoi mo chumas?  
Ach is é do thionchar ar na leanaí  
Atá do mo chur le báiní  
Is faoi staid d’intinne bheinn go mór in amhras.
- 20 Ar chaith tú seal sa Ghaeltacht cheana?  
– Is níl mé ag caint faoi Chonamara –  
Ach áit a bhfuil an Ghaeilge binn is glan.  
Áit nach ndeir siad ‘Ó déan mo lá!’  
Nó ‘Seiceáil amach an stumpa breá!’  
Áit nach bhfuil sean-Ghaeilge shaibhir gann.
- 21 Caidé atá cearr le ‘Déan mo lá’?  
Nó ‘Seiceáil amach an stumpa breá’?  
Sin an Ghaeilge mar atá ag daoine óga.  
Ó tá an teanga anois i mbaol  
Ach caithfidh sí forbairt leis an saol  
Nó beidh do chuid oibre gearrtha amach duit, leoga!



- 22           Dá dtiocfása ag Oireachtas riamh  
Chloisfeá an dá shórt Gaeilge ag sníomh  
ón Ghaelscoil is ón Ghaeltacht lena chéile.  
Fir ag cogarnaíl le mná  
Gan aon deacracht, gan aon chrá.  
Ó ní bhíonn madra ag ithe madra ag an bhFéile.
- 23           Nuair a bhíonn na fir seo is na mná  
Ag cogarnaíl gan chrá  
An mar sin a bhíonn gach bliain ag an Fhéile?  
Sean-Ghaeilge is Gaeilge nua  
Ag comhluadracht gan dua?  
Bealach maith le haithne a chur ar a chéile.
- 24           Ba mhaith liom triail a bhaint as sin  
Mise ag cogar i nGaeilge bhinn  
Le spéirbhean dheas na Gaeilge lofa líofa.  
A déarfaidh: ‘Tá mé ag titim duit, a chroí’.  
Is beidh muid beirt lán pónairí.  
Is beidh mise gléasta suas go dtí na naonna.
- 25           Anois ná faigh tusa cosa fuara!  
Bí tú féin is bí nádúrtha  
Is beidh na mná ag ithe as do láimh, is dócha.  
Féach anois, nárbh fhiú an obair?  
Tá gach rud tobar a chríochnaíonn tobar  
Is maidir leis an chraic, siúr,  
  
Beirt: Beidh sé nócha!

Le caointhead ó Ray Mac Mánaís agus Joe Ó Dónaill.

## Lofa Líofa: Bunscrip

- 1 'Sé mo chreach is mo mhíle crá  
Staid na teanga mar atá.  
Tá an Ghaeilge bhocht faoi ionsaí lá agus oích'.  
Ach ní ghéillfidh muid, dar ndó?  
Is ní chaillfidh muid go deo  
Gaeilge ghlan na Gaeltachta a choích'.
- 2 Bíonn daoine ag díriú isteach ar chruinneas  
Nuair is cuma leo faoin bhinneas  
Agus níl meas acu ar shaibhreas ná ar snas.  
Tá fuath agamsa ar Ghaeilge bhriste  
A bhíonn lán le Béarla cliste.  
Cén mhaith atá sa Ghaeilge gan an blas?
- 3 Tá sé agamsa le maíomh  
Nár labhair mise Béarla riamh.  
Ar an teanga ghallda sin tá mise balbh.  
Ach is tú an freagra ar mo ghuí  
Tá mé ar scamall uimhir a naoi  
Tá lucht na Gaeilge ag éirí tanaí ar an talamh.
- 4 Ní bhíonn mise i mo luí go headra  
Bím ag obair ar nós madra  
Ag foghlaim focal úr le brí is neart.  
Tá an Ghaeilge anois faoi bhagairt  
Is má shíleann tú a mhalairt  
Tá tusa ag tafann suas an crann mícheart.
- 5 In ainm Mhuire agus Mhac Dé  
Caidé a bhain don Ghaeilge ghlé  
A bhí ag muintir bhocht na tíre seo fadó?  
Cuirimse an locht ar TG4  
Ar na daoine a chuireann é i láthair  
Is ar lucht na gaelscolaíochta, dar ndóigh.
- 6 Bhuel caithfidh mise seo a admháil  
Go bhfuil sé furasta a fheiceáil  
Nach maith leatsa a bheith ag bualadh thart faoin sreach.  
Tá do chuid cainte i ndiaidh mé a chrá  
Is ní miste dom a rá  
Go bhfuil tusa ag déanamh mo chloigeann bocht isteach.
- 7 Déanaim do chloigeann bocht isteach?  
Ó mo mhairg is mo chreach!  
Sin Béarlachas, is briseann sé mo chroí.  
Ní féidir a leithéid sin a rá

Beidh tú ag déanamh daoine a chrá.  
Ba chóir dom inse don Choimisinéir Teanga faoi.

- 8 Dúirt tú ‘inse’ – ó mo Dhia!  
Ba chóir duit ‘insint’ a rá, dar fia –  
Ach múinfidh mise an t-ainm briathartha duit gan trioblóid.  
Tá cúig chéad briathar agam gan ghó  
I ngach aon aimsir agus modh.  
I gcúrsaí gramadaí tá mise ar an liathróid.
- 9 Bhuel a sciotracháin gan rath  
Níl a fhios agatsa a dhath.  
Lucht an Bhéarla amháin a déarfadh ‘ar an liathróid’.  
I nGaeilge shnasta bhlasta bhinn  
Ní chluinfeá riamh a leithéid sin.  
Níl tusa ach ag spalpadh cuid mhór seafóid.
- 10 Níl mé ag iarraidh a bheith ag troid  
Ach tagann an ginideach i ndiaidh ‘cuid’.  
‘Cuid mhór *seafóide*’ a bheadh sa Ghaeilge bhlasta bhinn.  
Níl aon ghrá caillte eadrainn beirt  
Ach tá an liathróid i do chúirt.  
B’fhearr liom féin go labhrófá Gaeilge bhlasta chruinn.
- 11 Arbh fhearr anois, a húir?  
Bhuel, nach tusa atá dúr?  
Tá mé cráite ag do chránas is do dhonas.  
Le do chuid Gaeilge lofa bhriste  
Síleann tú go bhfuil tú cliste  
Is mar a déarfása: tá tú ‘in aice leat féin le sonas’!
- 12 Ní déarfainn riamh a leithéid, leoga  
Nó tá mo chroí bocht i mo bhróga.  
Is tá tusa ar do chapall ard, monuar.  
Faigh greim ort féin – is deas an lá é  
Múscail suas is bolaigh an caife.  
Tóg an tarbh leis na hadharca is ná bí dúr.
- 13 Tá tú sotalach is dána  
Agus gangaideach is gránna.  
Níl oiread Gaeilge agat is a bheadh ag bó.  
I ngaelscoil a d’fhoghlaim tú í is dócha.  
Ní hionadh liom do chroí i do bhróga  
Beidh tú gan snas ná blas ná séimhiú deas go deo.
- 14 An cóir domsa a bheith an-bhuíoch  
Go bhfuil do chuid cainte an-samhlaíoch?  
Siúr ní Gaeilge atá ann, ní miste a rá.  
Ach ní ort féin amháin an locht  
Tá gaelscoileanna ag marú an Ghaeilge bhocht  
Is faigheann na múinteoirí atá iontu barraíocht pá.

- 15 Bíonn muid ag marú ‘na Gaeilge boichte’!  
Is ba chóir duitse a bheith níos doichte.  
Ach ba mhaith liom anois an ceirnín a shocrú díreach.  
Múinteoir gaelscoile mé féin  
Is de do chuid maslaí tá mé bréan.  
Ar son na Gaeilge tá mise i mo mhairtíreach.
- 16 Mairtíreach eile tusa an ea?  
Bhuel, is dóichí gurb ea  
Ach níl tú ag fulaingt, mar atá mise, ar son na cúise.  
Ní fhulaingíonn tú le páis  
Sean-Ghaeilge shaibhir ag saothrú an bháis –  
– ‘Báis’: sin an ginideach, céad díochlaonadh, uimhir uatha.
- 17 Féach, níl muid i bhfad ag gabháil  
Is tá an ginideach ar do thoil.  
Ní thuigimse ar chor ar bith do fhadhbsa.  
Múinteoir maith a bhí de dhíth  
Is anois tá cuma ort is caoi.  
Ní baol don Ghaeilge a bheith ag tabhairt suas an taibhse.
- 18 Marcáil tusa mo chuid focal  
– Is tá seo ag teacht ó bhéal an chapaill –  
Tá sé suas duit féin do Ghaeilge a dhéanamh cruinn.  
Leabhar gramadaí maith atá de dhíth go géar  
Ina bhfuil gach riail mínithe go soiléir.  
Gabh ar ais go dtí cearnóg uimhir a haon le leabhar mar sin.
- 19 An bhfuil tú tiubh chomh maith le dúr?  
Nó an é nach dtuigeann tú, a húir,  
Nach bhfuil inní dá laghad ormsa faoi mo chumas?  
Is é do thionchar ar na leanaí  
Atá do mo chur le báiní  
Is faoi staid d’intinne bheinn go mór in amhras.
- 20 Ar chaith tú am sa Ghaeltacht cheana?  
– Is níl mé ag caint faoi Chonamara –  
Ach áit a bhfuil an Ghaeilge binn is glan.  
Áit nach ndeir siad ‘Déan mo lá!’  
Nó ‘Seiceáil amach an stumpa breá!’  
Áit nach bhfuil ach Gaeilge shaibhir ghlan.
- 21 Caidé atá cearr le ‘Déan mo lá’?  
Nó ‘Seiceáil amach an stumpa breá’?  
Sin an Ghaeilge mar atá ag daoine óga.  
Tá an teanga bhocht i mbaol  
Is caithfidh sí forbairt leis an saol  
Nó beidh do chuid oibre gearrtha amach duit, leoga!

- 22 Dá dtiocfása ag Oireachtas riamh  
Chluinfeá an dá shórt Gaeilge ag sníomh  
ón Ghaelscoil is ón Ghaeltacht lena chéile.  
Fir ag cogarnaíl le mná  
Gan deacracht is gan chrá.  
Ní bhíonn madra ag ithe madra ag an Fhéile.
- 23 Nuair a bhíonn na fir seo is na mná  
Ag cogarnaíl gan chrá  
An mar sin a bhíonn gach bliain ag an Fhéile?  
Sean-Ghaeilge is Gaeilge nua  
Ag comhluadracht gan dua?  
Bhuel is bealach é le haithne a chur ar a chéile.
- 24 Ba mhaith liom triail a bhaint as sin  
Mise ag cogar i nGaeilge bhinn  
Le spéirbhean dheas na Gaeilge lofa líofa.  
A déarfaidh: ‘Tá mé ag titim duit, a chroí.  
Is beidh muid beirt lán pónairí.  
Is beidh mise gléasta suas go dtí na naonna.
- 25 Anois ná faigh tusa cosa fuara!  
Bí tú féin is bí nádúrtha  
Is beidh na mná ag ithe as do láimh, is dócha.  
Bhuel anois, nárbh fhiú an obair?  
Tá gach rud tobar a chríochnaíonn tobar  
Is i dtaca leis an chraic, siúr,  
  
Beirt: Beidh sé nócha!

Le caoinhead ó Ray Mac Mánaís agus Joe Ó Dónaill